



Cé acu smaoineamh a mbeidh an toradh is fearr air?



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

Cad é an fhadhb atá le réiteach nó an cinneadh atá le déanamh?

Smaoineamh 1

Buntáistí


Míbhuntáistí

Smaoineamh 2

Buntáistí

Míbhuntáistí

Roghnóidh mé...






Fadhb Mhór nó Fadhb bheag?



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. An bhfuil an fhadhb ag cur bac ar do chuid oibre?
2. An dtig leat neamhaird a thabhairt ar an fhadhb?
3. An gcaithfidh tú í a réiteach sula dtig leat leanúint ar aghaidh?
4. An bhfuil an fhadhb seo cosúil le fadhb a bhí agat roimhe?
5. An dtig leat labhairt le duine eile faoin fhadhb?






**én toradh a bheidh
ar do smaoinreamh,
dar leat?**



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. An síleann tú go mbeidh tú ábalta an fhadhb a réiteach leis an smaoineamh agat?
2. Cén toradh a bheidh ar do smaoineamh, dar leat?
3. Cad é atá de dhíth ort le cuidiú leat do smaoineamh a thriail?
4. Cad é mar a bheidh a fhios agat gur oibrigh sé?






Cad é a dhéanfaidh mé mura n-éireoidh leis?



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. Cén chuid den tasc a bheidh le hoibriú amach agat?
2. Déan liosta de na dóigheanna ina dtiocfadh leat é a oibriú amach.
3. Cad é a dhéanfaidh tú mura n-éireoidh leat é a dhéanamh ar an bhealach seo?
4. Déan plan don chéad rud eile a mbainfidh tú triail as.
5. Bain triail as!






**Cad é a rinne tú?
Cad chuige a
ndearna tú é ar an
dóigh sin?**



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. Smaoinigh ar an dóigh a ndearna tú an tasc seo.
2. An TUSA a rinne an cinneadh leis an tasc a dhéanamh ar an dóigh sin?
3. An é sin an dóigh is fearr lena dhéanamh dar leat?
4. An ndéanfá é ar bhealach difriúil an chéad uair eile?
5. Cad chuige?







Déan machnamh air



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

Cuir na ceisteanna Cén dóigh agus Cad chuige ar gach céim, le cuidiú leat machnamh a dhéanamh ar do chuid smaointe.






Stad a chur leis na fadhbanna sula dtarlóidh siad



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. Cé a chaithfidh a bheith páirteach sa tasc seo?
2. Cad é atá de dhíth le go n-éireoidh leis an tasc seo?
3. Cé a chuideodh leat?
4. An bhfuil bacainní ar bith romhat?
5. Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh cur isteach ar an tasc?






Súil a choinneáil ar a bhfuil á dheanamh agat



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. An bhfuil a fhios agat cad é a bheidh le déanamh agat leis an tasc a chur i gcrích?
2. Cá mhéad codanna éagsúla atá i gceist leis an tasc?
3. Cá mhéad acu seo atá déanta agat go dtí seo?
4. An dtig leat smaoineamh ar an chéad rud eile a bheidh le déanamh agat?
5. Cén dóigh?






Rudaí a chur in ord



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. Amharc na rudaí uilig atá agat. An dtig leat iad a shórtáil?
2. An dtig leat rudaí a chur i ngrúpaí?
3. An dtig leat iad a chur in ord? Cad é ba chóir a bheith ag an tús? Ina dhiaidh sin? Ag an deireadh?
4. An dtig leat patrún a fheiceáil?
5. An dtiocfadh leat an t-ord a athrú le go mbeadh ciall leis?





**Ar éirigh le do
smaoineamh mar
a bhí beartaithe
agat?**



**Smaointeoireacht,
Fadhbreiteach &
Cinnteoireacht**

1. Cad é a thig leat a thaispeáint nó a réiteach leis an smaoineamh agat?
2. Ar éirigh leis mar a bhí beartaithe agat?
3. Cad é mar atá a fhios agat?
4. An dtig leat é a chruthú?
5. An dtiocfadh leat do phlean a athrú le toradh níos fearr a fháil?

